AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 21.5.2013
COM(2013) 301 final

2013/0156 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais agus na rialacha saortha i gcás Ballstát áirithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. FORAIS AGUS CUSPÓIRÍ AN TOGRA

*a) An cómhaoiniú méadaithe do Bhallstáit, a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, a shíneadh.*

I ngeall ar an ngéarchéim mharthanach airgeadais agus eacnamaíoch tá brú ar acmhainní airgeadais náisiúnta, agus na beartais is gá do chomhdhlúthú fioscach á saothrú ag na Ballstáit. Sa chomhthéacs seo, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme rianúil clár comhtháthaithe beartas a áirithiú don infheistíocht i bhfás agus poist.

Is minic a bhíonn cur chun feidhme clár dúshlánach, de thoradh na bhfadhbanna leachtachta atá ann de dheasca comhdhlúthú fioscach. Is amhlaidh an cás go háirithe do na Ballstáit sin is mó atá thíos leis an ngéarchéim agus a fuair cúnamh airgeadais faoi chlár coigeartaithe. Go dtí an pointe seo, tá cúnamh airgeadais faighte ag seacht dtír agus tá clár coigeartaithe maicreacnamaíoch comhaontaithe acu leis an gCoimisiún. Is iad sin an Chipir, an Ungáir, an Rómáin, an Laitvia, an Phortaingéil, an Ghréig agus Éire, dá ngairtear "tíortha cláir" anseo feasta. Níl an Ungáir, an Rómáin ná an Laitvia faoi chlár coigeartaithe a thuilleadh.

Chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit sin (nó aon Bhallstát eile a d'fhéadfadh tairbhiú de chláir chúnaimh den sórt sin amach anseo) de chláir an chiste chomhtháthaithe a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil agus de chistí a eisíoc do thionscadail, tá forálacha sa togra seo lena bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí méadaithe a thabhairt do na tíortha sin, le linn na tréimhse a bheidh siad faoi chuimsiú na sásraí tacaíochta, gan a leithdháileadh foriomlán faoin mbeartas comhtháthaithe don tréimhse 2007-2013 a mhodhnú. Dá bharr sin, cuirfear acmhainní airgeadais breise ar fáil do na Ballstáit in aimsir na cruóige agus is éasca a bheidh sé leanúint de na cláir a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil.

*b) Bearta leantacha ar chonclúidí na Comhairle Eorpaí an 8 Feabhra 2013, mír 87*

D’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún réitigh phraiticiúla a chíoradh leis an mbaol maidir le saoradh uathoibríoch cistí ó chlúdaigh 2007-2013 don Rómáin agus don tSlóvaic a laghdú, lena n-áirítear trí leasú Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006[1] (dá ngairtear an ‘Rialachán Ginearálta’ anseo feasta) (conclúidí an 8 Feabhra 2013, mír 87). Déanfaidh forálacha na Comhairle Eorpaí an 8 Feabhra maidir le huasteorannú leithdháileadh 2014-2020 ag 110 % de leithdháileadh 2007-2013 i dtéarmaí réadacha difear don tSlóvaic agus don Rómáin (mír 46 de na conclúidí). Léireofar an méid sin i mír [13 d’Iarscríbhinn IIIbis den Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna (CPR) i ndáil leis an gcreat airgeadais].

Beidh na heilimintí thuas ag brath ar na caibidlíochtaí leanúnacha idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, agus ar an bpróiseas reachtach agus ar fhormheas an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus na Rialacháin CPR.

Agus cíoradh déanta ar réitigh phraiticiúla leis an mbaol maidir le saoradh uathoibríoch i gcás na Rómáine agus na Slóvaice, is léir nach féidir an baol a laghdú go substainteach gan leasú ar an Rialachán Ginearálta. Dá bhrí sin, chun an comhaontú atá léirithe i gConclúidí na Comhairle Eorpaí a chur chun feidhme, agus

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999.

le hionsú chistí 2007-2013 don Rómáin agus don tSlóvaic a éascú, is gá an spriocdháta don saoradh a shíneadh i gcás an dá Bhallstát sin. Agus mír 8 de Chonclúidí na Comhairle Eorpaí á cur san áireamh – lena gcoimeádtar cur i bhfeidhm dian na rialacha maidir le saoradh mar dhlúthchuid de chomhaontú CAI sna ceannteidil uile, go háirithe na rialacha maidir le saoradh uathoibríoch – cuimsíonn an síneadh atá beartaithe gealltanais 2011 agus 2012. Sa chás sin, is ag deireadh 2014 seachas ag deireadh 2013 a tharlóidh saoradh uathoibríoch ghealltanas 2011 agus is ag deireadh 215 seachas deireadh 2014 a tharlóidh saoradh uathoibríoch ghealltanas 2012.

Is é an 31 Nollaig 2015 an dáta deiridh d'incháilitheacht caiteachais don tréimhse chláraithe agus ní bheidh aon athrú air. Ba cheart go gcuideoidh na spriocdhátaí sínithe seo leis an Rómáin agus leis an tSlóvaic aon deacrachtaí maidir le cur chun feidhme a shárú agus an baol maidir le saoradh i 2013 agus 2014 a laghdú, agus an smacht agus an dreasú is gá a chothabháil le tréimhse cláraithe 2007-2013 a chomhlánú ar bhealach tráthúil. Dá thoradh sin féadfar díriú ar chur chun feidhme chláir 2014-2020 gan mhoill.

- **Comhthéacs ginearálta agus forálacha atá i bhfeidhm i réimse beartais an togra**

Foráiltear le hAirteagal 77 den Rialachán Ginearálta go ndéanfar na híocaíochtaí eatramhacha agus an t-iarmhéid críochnaitheach a ríomh tríd an ráta cómhaoinithe maidir le gach ais tosaíochta arna leagan síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar an clár oibríochtúil i dtrácht a chur i bhfeidhm. Déantar foráil ann freisin maidir le cur i bhfeidhm ráta cómhaoinithe méadaithe do tíortha cláir. Tá feidhm ag an bhforáil seo faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2013.

In Airteagal 93 den Rialachán Ginearálta foráiltear go saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch suimeanna nach ndearnadh iarratas ar íocaíocht ina leith roimh dheireadh an dara bliain (an tríú bliain i gcás tíortha a raibh a OTÍ ó 2001 go 2003 faoi bhun 85 % de mheán an AE do ghealltanais a rinneadh faoi choinne clár idir 2008 agus 2010) agus ionramháil speisialta ghealltanas 2007

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le tograí agus le tionscnaimh eile arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS ANAILÍS AR AN TIONCHAR

- **Comhairliúchán le páirtithe leasmhara**

Níor eagraíodh aon chomhairliúchán le geallsealbhóirí seachtracha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor ghá saineolas seachtrach a úsáid.

- **Anailís ar an tionchar**

Leis an togra d'fhéadfadh an Coimisiún íocaíochtaí le tíortha cláir a bhreisiú go dtí deireadh tréimhse 2007-2013. Is éard a bheidh sa mhéadú sin suim a ríomhfar trí bhreisiú deich bpointe céatadáin a chur leis na rátaí cómhaoinithe atá infheidhme maidir le haiseanna tosaíochta na gclár maidir le gach caiteachas nuadheimhnithe arna chur isteach le linn na tréimhse i dtrácht go dtí go sroichfear uasteorainn na n-íocaíochtaí.

San am céanna, féadfaidh an Rómáin agus an tSlóvaic éilimh chaiteachais a chur isteach go dtí deireadh 2014, seachas go dtí deireadh 2013, i gcás ghealltanas 2011 agus go dtí clabhsúr, seachas go dtí deireadh 2014, i gcás ghealltanas 2012. Leis an méid sin laghdófar an baol maidir le saoradh uathoibríoch ghealltanais 2011 agus 2012.

Ní athrófar an leithdháileadh airgeadais iomlán ó na Cistí ar na tíortha agus na cláir i dtrácht don tréimhse.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar na bearta atá beartaithe**

Tá sé beartaithe Airteagal 77 den Rialachán Ginearálta a mhodhnú le go mbeidh an Coimisiún in ann, go dtí deireadh thréimhse 2007-2013, an caiteachas nuathuairiscithe a aisíoc le suim mhéadaithe arna ríomh trí bhreisiú deich bpointe céatadáin a chur leis na rátaí cómhaoinithe is infheidhme maidir leis an ais tosaíochta.

Agus an breisiú sin á chur i bhfeidhm, ní fhéadfaidh ráta cómhaoinithe an chláir na huasteorainneacha in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Ginearálta a shárú de bhreis is deich bpointe céatadáin. Sa bhreis air sin, ní féidir an ranníocaíocht ó na cistí leis an ais tosaíochta lena mbaineann a bheith níos airde ná an tsuim atá luaite sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil.

Tá sé beartaithe freisin Airteagal 93 den Rialachán Ginearálta a mhodhnú le go bhféadfar síneadh bliana a chur le tréimhse saortha uathoibríoch ghealltanais 2011 agus 2012 i gcás na Rómáine agus na Slóvaice.

- **Bunús Dlí**

Sa Rialachán Ginearálta, sainítear na comhrialacha is infheidhme maidir leis na trí Chiste. Ar bhonn phrionsabal na bainistíochta comhroinnte idir an Coimisiún agus na Ballstáit, tá forálacha sa Rialachán seo maidir leis an bpróiseas cláraithe chomh maith le socruithe chun bainistíocht clár (lena n-áirítear cláir airgeadais), faireachán, rialú airgeadais agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta a mhéid is a ndéantar iarracht ann tacaíocht mhéadaithe a thabhairt, trí na Cistí Struchtúracha agus tríd an gCiste Comhtháthaithe, do Bhallstáit áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu, go háirithe i ndáil lena bhfás eacnamaíoch agus lena gcobhsaíocht airgeadais agus le meathlúchán ar a riocht easnaimh agus fiachais, ar de dheasca na ndálaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais iad freisin. Ina fhianaise sin, is gá sásra sealadach a bhunú ar leibhéal an Aontais lena gceadófar don Choimisiún an aisíocaíocht a mhéadú ar bhonn an chaiteachais dheimhnithe faoi na Cistí Struchtúracha agus faoin gCiste Comhtháthaithe.

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta freisin a mhéid is go dtugann sé níos mó ama do Bhallstáit áirithe a ngealltanais do 2011 agus 2012 a chaitheamh. Leagadh síos an riail seo ar leibhéal an Aontais cheana.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta:

Tá an síneadh ar chur i bhfeidhm na ráta cómhaoinithe méadaithe comhréireach leis an ngéarchéim mharthanach eacnamaíoch agus leis na hiarrachtaí eile arna ndéanamh le cuidiú leis na Ballstáit sin.

Tá an síneadh ar an spriocdháta do shaoradh uathoibríoch comhréireach freisin sa mhéid is go ndíríonn sé ar na Ballstáit sin a ndéanfaí a leithdháiltí airgeadais faoin tréimhse 2014-2020 a uasteorannú le comhaontú na Comhairle Eorpaí, leis an mbaol maidir le tuilleadh leithdháiltí a chailleadh ó thréimhse 2007-2013, i ngeall ar an saoradh uathoibríoch, a theorannú.

- **Rogha na n-ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: leasú ar an Rialachán reatha.

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún i dtaobh na ndeiseanna atá ann bearta a dhéanamh faoin gcreat dlí atá ann agus measann sé, i bhfianaise na taithí atá faighte go dtí seo, gur gá modhnuithe ar an Rialachán Ginearálta a mholadh.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon tionchar ar leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí ós rud é nach bhfuil aon mhodhnú beartaithe ar na suimeanna uasta maoiniúcháin ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe dá bhforáiltear sna cláir oibríochtúla i gcomhair thréimhse chláraithe 2007-2013.

I gcás leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí, tá an togra a bhaineann leis an mbreisiú neodrach ó thaobh an bhuiséid de. Mar sin féin, is féidir aisíocaíocht níos airde leis na Ballstáit lena mbaineann in 2014 a bheith de thoradh air, ach comhardófar í tráth an chlabhsúir in 2017. Is éard a chiallóidh na leithreasaí breise faoi chomhair íocaíochtaí sa togra seo go mbeidh méadú ar na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (tuairim is EUR 484 milliún in 2014) a dhéanfar a chúiteamh faoi dheireadh na tréimhse cláraithe. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar iomlán na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí don tréimhse cláraithe iomlán.

Leis an tionchar buiséadach a thiocfaidh ón togra síneadh aon bhliana amháin a chur leis an tréimhse do shaoradh uathoibríoch cistí i gcás na Rómáine agus na Slóvaice,

ní athraítear méid iomlán na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach glan aige ar iomlán na n-oibleagáidí faoi chomhair íocaíochtaí sna blianta amach romhainn, a bhaineann le laghdú ar an mbaol saortha.

2013/0156 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais agus na rialacha saortha i gcás Ballstát áirithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I ngeall ar an ngéarchéim airgeadais agus ar an gcor chun donais eacnamaíoch, nár tháinig a samhail riamh roimhe, atá ann ar fud an domhain tá díobháil thromchúiseach déanta don fhás eacnamaíoch agus don chobhsaíocht airgeadais agus tá meath mór tagtha ar dhálaí airgeadais agus eacnamaíocha i roinnt Ballstát. Go háirithe, tá Ballstáit áirithe i ndeacrachtaí tromchúiseacha nó tá deacrachtaí den sórt sin ag bagairt orthu, go háirithe fadhbanna lena bhfás eacnamaíoch agus lena gcobhsaíocht airgeadais agus le meathlúchán ar a riocht easnaimh agus fiachais, agus de dheasca na ndálaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais freisin.

(2) Cé go ndearnadh gníomhaíochtaí tábhachtacha cheana féin, lena n-áirítear leasuithe ar an gcreat reachtach, ar mhaithe le héifeachtaí diúltacha na géarchéime a fhrithchothromú, tá tionchar na géarchéime airgeadais ar an bhfíorgheilleagar, ar mhargadh an tsaothair agus ar na saoránaigh le brath go forleathan. Tá an brú ar acmhainní airgeadais náisiúnta ag dul i méid agus ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun an brú sin a mhaolú tríd an úsáid is mó agus an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as maoiniú ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe. I bhfianaise na ndeacrachtaí airgeadais leantacha, ní mór cur chun feidhme na mbeart arna nglacadh trí Rialachán (AE) Uimh. 1311/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a shíneadh[4]. Glacadh na bearta sin de bhun Airteagail 122(2), 136 agus 143 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[2] IO L , , lch. .

[3] IO L , , lch. .

[4] IO L 337, 20.12.11, lch. 5.

(3) Chun bainistíocht a éascú ar chistiú ón Aontas, chun infheistíochtaí i mBallstáit agus i réigiúin a luasghéarú agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht an chistithe don gheilleagar, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999[5] a leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1311/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun go bhféadfaí íocaíochtaí eatramhacha ó na Cistí Struchtúracha agus ón gCiste Comhtháthaithe chomh maith a mhéadú de réir suime a fhreagraíonn do dheich bpointe céatadáin os cionn an ráta chómhaoinithe iarbhír maidir le gach ais tosaíochta i gcás Ballstát atá i ndeacrachtaí tromchúiseachai ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais agus a d'iarr tairbhe a bhaint as an mbeart sin.

(4) Le hAirteagal 77 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, fágtar gur féidir ráta cómhaoinithe méadaithe a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2013. Thairis sin, ó tharla go bhfuil na Ballstáit fós i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha maidir lena gcobhsaíocht airgeadais, níor cheart an tréimhse cur i bhfeidhm do ráta comhaoinithe méadaithe a theorannú go dtí an 31 Nollaig 2013.

(5) Tá [Rialachán (AE) Uimh. … (Forálacha Coiteanna) ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa] [*An Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna a bheidh ann amach anseo*] dírithe ar chuidiú an cistiú comhtháthaithe a dhíriú ar dhóigh oiriúnach ar na réigiúin agus ar na Ballstáit is lú forbairt. Chun cur leis an laghdú ar éagothromaíochtaí, fóráiltear go mbeidh uasleibhéal na n-aistrithe (uasteorainn) ó na cistí go dtí gach Ballstát faoi leith de bhun na Rialachán a bheidh ann amach anseo socraithe ag 2.35 % d'olltairgeacht intíre an Bhallstáit. Cuirfear an t-uasteorannú i bhfeidhm ar bhonn bliantúil, agus laghdófar leis go comhréireach - más infheidhme - gach aistriú (seachas do na réigiúin fhorbartha agus "Comhar Críochach Eorpach") don Bhallstát lena mbaineann d'fhonn leibhéal uasta an aistrithe a bhaint amach. I gcás Ballstát a tháinig isteach san Aontas roimh 2013 agus ar lú an meánfhás ar a bhfíor-olltáirgeacht intíre idir 2008 agus 2010 ná -1 %, 2.59 % a bheidh in uasleibhéal na n-aistrithe.

(6) Le Rialachán (AE) Uimh. …/…[An Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna] cuirtear uasteorainn ar na leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha le linn na tréimhse idir 2007 agus 2013. Is gá cosaint bhreise a thabhairt do na Ballstáit a ndéanann an uasteorainn sin difear dóibh ar an mbaol atá ann go saorfaí go huathoibríoch leithdháiltí den tréimhse idir 2007 agus 2013.

(7) Sna conclúidí a thug sí uaithi an 8 Feabhra 2013, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint ar réitigh phraiticiúla chun an baol atá ann go saorfaí na cistí go huathoibríoch ó imchlúdach náisiúnta 2007-2013 a laghdú i gcás na Rómáine agus na Slóváice, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú.

(8) Ina theannta sin, chuir an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeidh leibhéal agus próifíl na n-íocaíochtaí i ngach ceannteideal inláimhsithe, chun na gealltanais bhuiséadacha gan íoc a theorannú, go háirithe trí rialacha a chur i bhfeidhm maidir le saoradh uathoibríoch faoi gach ceannteideal. Dá bhrí sin, na forálacha lena scaoiltear ó na rialacha maidir le saoradh na mBallstát a ndéanann an t-uasteorannú atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. …/… [*An Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna*] difear dóibh, ba cheart iad a chothromú i bhfianaise an tionchair a bheidh aige ar na gealltanais bhuiséadacha gan íoc.

[5] IO L 210, 31.07.06, lch. 25.

(9) Ba cheart aon bhliain amháin a chur leis an spriocdháta faoina gcaithfear an saoradh uathoibríoch a ríomh a dhéanfar ar na gealltanais bhuiséadacha bhliantúla do 2011 agus 2012, ach tá an gealltanas buiséid 2012, ba cheart a bheith ar oscailt fós an 31 Nollaig 2015, le dlistiniú faoin 31 Nollaig 2015. Ba cheart, dá bharr sin, gurbh fhearr a thiocfadh feabhas ar ionsú na gcistí a gealladh do chláir oibríochtúla sna Ballstáit a ndéantar difear dóibh de dhroim uasteorannú a leithdháiltí beartais chomhtháthaithe ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha le linn na tréimhse idir 2007 agus 2013. Is gá an tsolúbthacht sin a bheith ann chun dul i ngleic leis an bhfadálacht nach raibh súil léi maidir le cur chun feidhme clár a dhéanann difear do na Ballstáit sin go háirithe.

(10) I bhfianaise na géarchéime nár tháinig a samhail riamh roimhe, ní mór bearta tacaíochta a ghlacadh go pras agus is cuí, dá bhrí sin, go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 mar seo a leanas:

(1) Scriostar mír 6 d'Airteagal 77.

(2) Leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:

(a) cuirtear mír 2b seo a leanas isteach:

> "2b. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1 agus ar mhír 2, i gcás Ballstát a n-uasteorannófar a leithdháiltí beartais chomhtháthaithe le linn tréimhse cláraithe 2014-2020 ag 110 % den leibhéal a bhí acu i dtéarmaí réadacha le linn na tréimhse idir 2007 agus 2013, is é a bheidh sa spriocdháta dá dtagraítear i mír 1, an 31 Nollaig den tríú bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh bhliantúil idir 2007 agus 2012 faoi réir a gclár oibríochtúil."

(b) I mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

> "Tá an chéad fhomhír gan dochar do chur i bhfeidhm an spriocama atá leagtha síos in Airteagal 93(2)(b) maidir le gealltanas bhuiséad 2012 don Bhallstát dá dtagraítear sa mhír sin."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe atá i ndeacrachtaí tromchúiseachanó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais agus na rialacha maidir le saoradh i gcás Ballstát áirithe.

## 2. CREAT ABM/ABB (BAINISTIÚ DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ/BUNÚ AN BHUISÉID DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ)

Réimse/réimsí beartais lena mbaineann agus aon Ghníomhaíocht ghaolmhar/Gníomhaíochtaí gaolmhara:

Beartas Réigiúnach; Gníomhaíocht ABB 13.03

Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta; Gníomhaíocht ABB 04.02

An Ciste Comhtháthaithe, ABB 13.04

## 3. LÍNTE BUISÉID

### 3.1. Na línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B.A.)):

Cuirfear an ghníomhaíocht nua atá beartaithe chun feidhme de réir na línte buiséid seo a leanas:

- 13.031600 Cóineasú (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - CFRE)
- 13.031800 Fostaíocht agus iomaíochas réigiúnach (CFRE)
- 04.0217 Cóineasú (Ciste Sóisialta na hEorpa - CSE)
- 04.0219 Fostaíocht agus iomaíocht réigiúnach (CSE)
- 13.04.02 Ciste Comhtháthaithe

### 3.2. Fad thréimhse an ghnímh agus an tionchair airgeadais:

Ní bheidh tionchar airgeadais ag aon cheann de na hathruithe atá beartaithe. Is é rud go gcúiteofar riachtanas méadaithe 2014, atá ann chun éilimh íocaíochta a chumhdach do Bhallstáit atá ag fáil cúnamh airgeadais, tráth chlabhsúr na gclár in 2017. Leis an sásra, is féidir roinnt tús-ualú a dhéanamh ar íocaíochtaí, i gcomparáid leis an gcás a bheadh ann mura ndéanfaí breisiú. I ndáil le síneadh a chur sa riail maidir le saoradh uathoibríoch, is féidir go mbeidh tionchar dearfach aige ar leithreasaí íocaíochta iomlána sna blianta amach romhainn a bheidh nasctha den laghdú ar an mbaol go ndéanfar saoradh.

3.3. Saintréithe buiséadacha:

| Líne buiséid | Saghas caiteachais | | Nua | Ranníocaíocht CSTE | Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí | Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13.031600 | Neamhéigeantach | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | **Uimh.** 1b |
| 13.031800 | Neamhéigeantach | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | **Uimh.** 1b |
| 04.0217 | Neamhéigeantach | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | **Uimh.** 1b |
| 13.0402 | Neamhéigeantach | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | **Uimh.** 1b |
| 04.0219 | Neamhéigeantach | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | **Uimh.** 1b |

# 4 ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

## 4.1. Acmhainní Airgeadais

### *4.1.1. Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)*

Léirítear sna táblaí seo a leanas an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta atá beartaithe sna blianta 2014-2017. Ós rud é nach bhfuil aon acmhainní nua airgeadais beartaithe le haghaidh leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí, níor cuireadh aon fhigiúirí isteach sna táblaí ach cuireadh n.b. (neamhbhainteach) isteach. Dá bhrí sin, luíonn an togra leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2007-2013.

I gcás íocaíochtaí, féadfaidh aisíocaíocht níos airde leis na Ballstáit lena mbaineann a bheith ann de thoradh an mholta an sásra um breisiú a shíneadh, agus cúiteofar sin tráth an chlabhsúir. De bhonn na réamhaisnéise íocaíochta is déanaí a bhfuil fáil uirthi ó na Ballstáit, na n-íocaíochtaí breisithe a íocadh leis na Ballstáit lena mbaineann in 2012, agus na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí a áiríodh i mBuiséad 2013, bheadh riachtanais bhuiséadacha de EUR 484 milliún ann don bhliain 2014. Déanfar an tsuim sin a aisiompú in 2017 tráth an chlabhsúir.

Leis an tionchar buiséadach a thiocfaidh ón moladh síneadh aon bhliana amháin a chur sa tréimhse do shaoradh uathoibríoch cistí i gcás oibleagáidí 2011 agus 2012, ní athraítear méid iomlán na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí. Mar sin féin d’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach glan aige ar iomlán na n-oibleagáidí faoi chomhair íocaíochtaí sna blianta amach romhainn, a bhainfeadh leis an riosca laghdaithe maidir le saoradh.

Tá athbhreithnú déanta ag an gCoimisiún ar an ngá atá le creidmheasanna íocaíochta breise agus dá bhrí sin, leis seo, tá sé ag moladh na ngníomhaíochtaí riachtanacha don Údarás Buiséadach.

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Saghas caiteachais** | Uimh. na c oda | | Bliain n | n + 1 | n + 2 | n + 3 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas oibríochtúil[6]** | | | | | | | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) | 8.1 | a | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ) | | b | n.b | +0.484 | n.b | n.b. | -0.484 | n.b; | 0. |
| **Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha[7]** | | | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN) | 8.2.4 | c | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN** | | | | | | | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí** | | **a+c** | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí** | | **b+c** | **n.b.** | **+0.484** | **n.b** | **n.b.** | **-0.484** | **n.b.** | **0,000** |
| **Caiteachas riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha[8]** | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN) | 8.2.5 | d | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Costais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN) | 8.2.6 | e | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

**Costas táscach iomlán ar an idirghabháil i dtéarmaí airgeadais**

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN LO agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+c +d +e | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **IOMLÁN LÍ agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | b+c +d +e | n.b | n.b. | n.b | n.b. | n.b. | n.b. | n.b |

6 Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx lena mbaineann.
7 Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.
8 Caiteachas laistigh de Chaibidil xx 01, seachas Airteagail xx 01 04 agus xx 01 05.

**Sonraí an Chómhaoinithe**

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Comhlacht cómhaoinithe | | Bliain n | n + 1 | n + 2 | n + 3 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| …………………… | f | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| IOMLÁN LO lena n-áirítear cómhaoiniú | a+c +d+ e+f | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

*4.1.2. Comhoiriúnacht leis an gClárú Airgeadais*

☒ Tá an togra comhoiriúnach don chlárú airgeadais atá ann cheana.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa pheirspictíocht airgeadais ag gabháil leis an togra seo.

☐ Féadfaidh an togra a cheangal go mbeidh gá forálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chur i bhfeidhm[9] (i.e. ionstraim sholúbthachta nó athbhreithniú ar an bpeirspictíocht airgeadais).

*4.1.3. Iarmhairt Airgeadais ar Ioncam*

☒ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra seo – is í seo a leanas an éifeacht ar ioncam:

*EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)*

| | | Roimh ghníomhaíocht | Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne buiséid | Ioncam | [Bliain n-1] | [Bliain n] | [n+1] | [n+2] | [n+3] | [n+4] | [n+5][10] |
| | *a) Ioncam mar ghlanfhigiúr* | | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| | *b) Athrú ar ioncam* | *Δ* | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

***(Sonraigh gach líne buiséid ioncaim atá i gceist, ag cur na sraitheanna breise is gá leis an tábla má tá tionchar ar níos mó ná líne buiséid amháin.)***

[9] Féach pointe 19 agus pointe 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

[10] Ba cheart colúin bhreise a chur leis más gá i.e. má théann tréimhse an ghnímh thar 6 bliana.

**4.2. Acmhainní daonna FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus foireann sheachtrach) – féach na sonraí faoi phointe 8.2.1.**

| **Riachtanais bhliantúla** | Bliain n | n + 1 | n + 2 | n + 3 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na n-acmhainní daonna | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

## 5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

### 5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Tá an ghéarchéim mharthanach airgeadais agus eacnamaíoch ag méadú an bhrú ar acmhainní airgeadais náisiúnta na mBallstát de réir mar atá siad ag laghdú a mbuiséad. Sa chomhthéacs sin is tábhachtach an uirlis é a áirithiú go gcuirfear cláir beartais chomhtháthaithe chun feidhme go rianúil chun cistí a instealladh sa gheilleagar. Chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit sin de chláir na gCistí Struchtúracha agus an Chiste Chomhtháthaithe a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil agus de chistí a eisíoc le tionscadail, tá forálacha sa togra lena bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí méadaithe a dhéanamh le Ballstáit, fad is atá siad faoi chuimsiú na sásraí tacaíochta. Tabharfar breis ama freisin do Bhallstáit áirithe leas iomlán a bhaint as oibleagáidí 2011 agus 2012.

### 5.2. An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

De bharr an togra, beifear in ann leanúint de na cláir a chur chun feidhme, airgead a instealladh sa gheilleagar agus an t-ualach ar chaiteachas poiblí a laghdú ag an am céanna.

### 5.3. Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí bainteacha an togra i gcomhthéacs an chreata le haghaidh bhainistiú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí (ABM)

Is é an cuspóir atá leis cuidiú leis na Ballstáit sin is mó atá buailte ag an ngéarchéim airgeadais a bheith in ann leanúint de na cláir a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil, agus ar an dóigh sin cistí a instealladh sa gheilleagar.

### 5.4. Modhanna cur chun feidhme (táscach)

Sonraigh thíos an modh/na modhanna atá roghnaithe chun an gníomh a chur chun feidhme.

- Leis na Ballstáit

## 6. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

### 6.1. Córas Faireacháin

Ní theastaíonn sé, ós rud é go dtagann sé faoin gcóras faireacháin atá bunaithe faoi na Cistí Struchtúracha.

### 6.2. Meastóireacht

*6.2.1. Meastóireacht ex-ante*

Ullmhaíodh an togra seo ar iarraidh ó Cabinet Uachtarán an Choimisiúin i ndiaidh chonclúidí na Comhairle an 8 Feabhra 2013.

*6.2.2. Bearta arna nglacadh tar éis meastóireachta idirmheánaí/ex-post (ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas roimhe seo)*

Neamhbhainteach

*6.2.3. Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí*

Neamhbhainteach

## 7. BEARTA FRITH-CHALAOISE

**N.B.**

## 8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

## 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

*Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

| **(Ba cheart ceannteidil na gcuspóirí, na ngníomhaíochtaí agus na n-aschur a sholáthar)** | **Saghas aschuir** | **Meán-chostas** | **Bliain n** | | **Bliain n+1** | | **Bliain n+2** | | **Bliain n+3** | | **Bliain n+4** | | **Bliain n + 5 agus níos déanaí** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais | Líon na n-aschur | Iomlán costais |
| CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh. 1 Leanúint ar aghaidh ag cur na gclár oibríochtúil chun feidhme | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | 0,000 | | 0,000 | | | | | | | | | | 0,000 |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | **0,000** | | **0,000** | | | | | | | | | | **0,000** |

## 8.2. Caiteachas Riaracháin

### *8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna*

| Saghsann a post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (**an líon post/FTE**) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5 |
| Oifigigh nó foireann shealadach (XX 01 01) | A*/AD | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| | B*, C*/AST | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02 | | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Foireann eile arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 04/05 | | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **IOMLÁN** | | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

### *8.2.2. Tuairisc ar na cúraimí a thagann as an ngníomh*

Neamhbhainteach

### *8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)*

*(Nuair a luaitear níos mó ná foinse amháin, sonraigh an líon post a thagann as gach foinse)*

☐ Poist leithdháilte faoi láthair ar bhainistiú an chláir agus a bheidh le hathrú nó le síneadh.

☐ Poist leithdháilte roimh ré laistigh de chleachtadh APS/PDB do bhliain n

☐ Poist a iarrfar sa chéad nós imeachta APS/PDB eile

☐ Poist a ath-imlonnófar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís bhainistíochta (ath-imlonnú inmheánach)

☐ Poist is gá do bhliain n cé nach raibh siad á dtuar i gcleachtadh APS/PDB na bliana a bhí i gceist

*8.2.4. Caiteachas eile Riaracháin a áirítear sa mhéid tagartha (XX 01 04/05 – Caiteachas ar bhainistiú riaracháin)*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Líne buiséid<br>(uimhir agus ceannteideal) | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann)** | | | | | | | |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| - intra muros | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| - extra muros | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán** | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

*8.2.5. Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Saghas acmhainní daonna | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.)<br>(sonraigh an líne buiséid) | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

| |
|---|
| Ríomh – ***Oifigigh agus gníomhairí sealadacha*** |
| *Is ceart tagairt a dhéanamh do Phointe 8.2.1. más iomchuí* |
| n.b. |
| Ríomh – ***Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02*** |
| *Is ceart tagairt a dhéanamh do Phointe 8.2.1. más iomchuí* |
| n.b. |

*8.2.6. Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 01 – Misin | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| XX 01 02 11 03 – Coistí | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| XX 01 02 11 04 – Staidéir agus comhairliúcháin | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| XX 01 02 11 05 – Córais faisnéise | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **2 Caiteachas iomlán eile bainistíochta (XX 01 02 11)** | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **3 Caiteachas eile de chineál riaracháin** (sonraigh agus cuir isteach tagairt don líne buiséid) | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. | n.b. |

| |
|---|
| Ríomh – ***Caiteachas eile riaracháin <u>nach n-áirítear</u> sa mhéid thagartha*** |
| n.b. |